2026/2074

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2074 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

maidir le húdarú ullmhóide de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú ullmhóide de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le húdarú ullmhóide de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta'.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 19 Nollaig 2025 ([2]) maidir leis an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856, go bhfuil sé sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, agus do thomhaltóirí agus don chomhshaol freisin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go meastar gur íogróir craicinn agus riospráide í an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856. Meastar gur riosca é nochtadh úsáideoirí trí bhealaí deirmeacha agus riospráide. Tá feidhm ag na conclúidí sin maidir le haon ullmhóid ina bhfuil na hoibreáin ghníomhacha. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhféadfadh an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 pH ábhar beatha de bhunadh plandaí a laghdú ar an íosleibhéal molta $1\ 0\times10^{8}$ ADC/kg d'ábhar beatha. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) *EFSA Journal* [*Iris EFSA*]. 2026;24:e9876. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9876.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar beatha			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: rialtáin aigéadachta.								
1k1802i	*Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 ina bhfuil íoschion 3,6 × 10^{11} ADC/g de bhreiseán ag a bhfuil cóimheas 1:4 (7,2 × 10^{10} ADC *Bacillus subtilis* DSM 33862/g agus 2,88×10^{11} ADC *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856/g Foirm sholadach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Cealla inmharthana *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 *Modh anailíse* (1) — Sainaithint *Bacillus subtilis* DSM 33862 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856: Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) - CEN/TS 17697 — Áireamh *Bacillus subtilis* DSM 33862: Modh an leata ar phláta ar agar soighe trioptóin (EN 15784) — Áireamh *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856: Modh an leata ar phláta (nó modh an doirte ar phláta) ar agar MRS (EN 15787)	Gach speiceas ainmhíoch	-	1×10^{8}	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, ba cheart an méid seo a leanas a shonrú: 'Úsáidfear go heisiach é sna táirgí seo a leanas: — ábhair bheatha bhrúite de thionscnamh plandaí ina bhfuil cion ard taise (64-87 %).' 3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 8 Deireadh Fómhair 2036

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2074/oj

IO L, 18.9.2026